[redacted]

From: Seán F Ó Drisceoil [redacted]
Sent: Friday 8 February 2019 16:33
To: rses
Subject: Dréacht thuairisc RSES (draft RSES Report)

A chara,

Aighneacht

Ba mhaith liom an aighneacht seo leanas a chur isteach i leith dréacht thuairisc RSES (draft RSES Report).

Cuirim fáilte rompu agus tugaim tacaíocht do Cuspóirí 115 (a) agus (b) den dréacht thuasluaite agus a bhaineann go sonrach le athoscailt Chonair Iarnróid an Iarthair ó Chlár Clainne Mhuiris go dtí Baile Átha an Rí móide leis an líne ó thuaidh, Clár Clainne Mhuiris go Sligeach. Creidim go bhfuil athfhorbairt an infreastruchtúir seo ríthábhachtach do thodhchaí ár réigiúin ó thaobh chúinsí eacnamaíochta agus timpeallachta de.

Creidim freisin go gcuireann an méid thuas leis an Creat Náisiúnta Pleanála Éire 2040 (NPF)* sa dóigh is go gceanglaíonn sé péire de na príomh-chathracha réigiúnacha atá aitheanta ann, Luimneach agus Gaillimh, le Sligeach, an Iar-Thuaisceart agus an chuid eile den réigiún.

Molaim an obair snasta atá curtha isteach agaibh sa dréacht seo.

Is mise, le meas,

Seán F. Ó Drisceoil

[redacted]

[redacted]

- "Seo a leanas cuspóirí deiridh an Chreata Náisiúnta Pleanála: .. go mbeidh 25% acu lonnaithe idir na ceithre chathair eile (Corcaigh, Luimneach, Gaillimh, agus Port Láirge), ag cur ar chumas na gcathracha a ndaonra agus a bpoist a mhéadú "